


# **Oifig an Phoist**



Scríobh Tomás litir inné. Chuaigh sé go dtí Oifig an Phoist **um thráthnóna.** Bhí bean **taobh thiar den chuntar.** Cheannaigh Tomás stampa uaithi. Thug sé an t-airgead di. Chuir sé an stampa ar an gclúdach. Ansin chuaigh sé amach an doras. Chuir sé an litir i **mbosca na litreacha.** Bhí **bosca teileafóin** ar thaobh an bhóthair. Isteach leis ann. **Ghlaoigh sé** ar a chara Colm ar an teileafón. Tar éis tamaill tháinig fear an phoist agus bhailigh sé na litreacha.

Foclóir: laistigh, inside lasmuigh, outside clúdach, envelope bhailigh sé, he collected

A. Líon isteach na bearnaí:

um th-áthnóna, s-ampa, lit-r, tei-eafón, ghl-oigh, bhai-igh.

#### **B.** Líon isteach na bearnaí:

- 1. Bhí bean taobh thiar den ---.
- 2. Cheannaigh Tomás stampa —.
- 3. Thug sé an di.
- 4. Chuir sé an litir i na litreacha.
- 5. Ghlaoigh sé ar a chara Colm ar an —.

### C. Scríobh amach an freagra ceart:

- Cad a cheannaigh Tomás? — milseáin.
  - stampa.
  - úll.
- 2. Cár chuir sé an litir?
  - ina phóca.
  - ar an gcuntar.
  - i mbosca na litreacha.
- 3. Cé a bhailigh na litreacha?
  - an bhean.
  - fear an phoist.
  - Tomás.

#### D. Freagair na ceisteanna:

- 1. Cad a scríobh Tomás?
- 2. Cathain a chuaigh sé go dtí Oifig an Phoist?
- 3. Cé a bhí taobh thiar den chuntar?
- 4. Céard a chuir Tomás ar an gclúdach?
- 5. Cá raibh an bosca teileafóin?
- 6. Cad a rinne fear an phoist?

## Gramadach 13

- (i) Foghlaim: uaim
  - uait uaidh uaithi

## Líon isteach na bearnaí:

- Sampla: Is é Seán an siopadóir. Cheannaigh mé milseáin uaidh.
- 1. Mise an siopadóir. Cheannaigh Íde arán —.
- 2. Is é Tomás an siopadóir. Cheannaigh mise úll -...
- 3. Tusa an siopadóir. Cheannaigh mé milseáin -...
- 4. Is í Nóra an siopadóir. Cheannaigh mé cáca ---.
- (ii) Lion isteach na bearnaí:
  - 1. Bhí mé sa siopa. Thug an siopadóir milseáin ---.
  - 2. Bhí Tomás agus mé féin sa siopa. Thug an siopadóir milseáin ---.
  - 3. Sheas mo chara in aice —.
  - 4. Sheas a cara in aice —.